



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2010**

**GAEILGE**

**BONNLEIBHÉAL  
GNÁTHLEIBHÉAL  
ARDLEIBHÉAL**

**TUAIRISC AN PHRÍOMHSCRÚDAITHEORA**

# AN CLÁR

<b>1.</b>	<b>Réamhrá Ginearálta</b>	<b>3</b>
<b>2.</b>	<b>An Bonnleibhéal</b>	<b>5</b>
	2.1 Réamhrá	5
	2.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	6
	2.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	6
	2.4 Tátal	9
	2.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	9
<b>3.</b>	<b>An Gnáthleibhéal</b>	<b>11</b>
	3.1 Réamhrá	11
	3.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	11
	3.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	12
	3.4 Tátal	15
	3.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	15
<b>4.</b>	<b>An tArdleibhéal</b>	<b>17</b>
	4.1 Réamhrá	17
	4.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí	17
	4.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	18
	4.4 Tátal	23
	4.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	24

# 1. Réamhrá Ginearálta

## 1.1 Cúlra

Sa scoilbhliain 1998-99 cuireadh tús le Clár an Teastais Shóisearaigh sna hIar-bhunscoileanna. Tá a bhfuil i gceist leis an gcur chuige seo sainmhínithe go beacht sa *Siollabas don Teastas Sóisearach (Gaeilge)*. Cuireadh *Treoirlínte* cuimsitheacha do mhúinteoirí ar fáil freisin taca an ama chéanna. Ó shin i leith tá na téacsleabhair atá curtha ar fáil ag údair agus foilsitheoirí, fréamhaithe a bheag nó a mhór, sna treoracha atá sa Siollabas agus sna Treoirlínte. I dtaca leis na scrúdpháipéir de, is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a shocraigh an leagan amach atá orthu. Socraíodh ar an gcaighdeán tar éis moltaí agus comhairle a fháil ó mhúinteoirí ag na cúrsaí inseirbhíse a reáchtáladh ar fud na tíre. Cuireadh scrúdpháipéir shamplacha ar fáil.

Sa bhliain 2007 chinn an tAire Oideachais agus Eolaíochta go n-athrófaí riar na marcanna sna scrúduithe Gaeilge le breis béime a chur ar an teanga labhartha. Bhí 40% de na marcanna le bheith ag gabháil leis an mBéaltrial roghnach feasta. Leasaíodh an Bhéaltrial roghnach agus na scrúdpháipéir leis an athrú sin a chur i bhfeidhm. Cuireadh na pleananna do Bhéaltrialacha leasaithe an Teastais Shóisearaigh, mar aon leis na leaganacha leasaithe de na scrúdpháipéir, Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal, faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus glacadh leo. Eisíodh treoracha do na scoileanna faoi na leasuithe uile in Imlitir S73/09. Seoladh scrúdpháipéir leasaithe shamplacha in éineacht leis an imlitir chomh maith le mionsonraí na Béaltrialach roghnaí. Cuireadh Scéimeanna Marcála ar fáil don Bhéaltrial roghnach ag na leibhéil éagsúla agus dlúthdhiosca caighdeánach chun cáilíocht uilechoiteann agus aonfhoirmeacht a dhearbhu.

Rinne iarrthóirí 2010 an scrúdú leasaithe den chéad uair. Fáiltíodh i gcoitinne roimh an leagan amach nua seo agus roimh an mbéim atá á cur ar an mBéaltrial roghnach.

## 1.2 Leibhéal

Freastalaíonn an siollabas seo ar thrí leibhéal éagsúla: Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal. Tugann thart faoi 49,000 iarrthóir ar an meán faoin nGaeilge i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh gach aon bhliain. Faoi láthair tugann timpeall 48.6% díobh faoin Ardleibhéal, 47% faoin nGnáthleibhéal agus 4.4% faoin mBonnleibhéal.

## 1.3 An Siollabas

Tá a bhfuil sa siollabas bunaithe ar an gcur chuige cumarsáideach agus ar thaighde maidir leis an gcaoi a ndéanann foghlaimoirí teanga a shealbhú. Moltar go mbeadh an

foghlaimoír lárnach sa chur chuige seo. Leagtar an bhéim ar cheithre scil: cluastuisceint, labhairt, léamhthuisceint agus scríobh.

Móriomlán de 400 marc a bheidh le gnóthú ag iarrthóirí a thugann faoin mBéaltríail roghnach. Móriomlán de 240 marc atá ag gabháil leis an scrúdú scríofa agus leis an Tríail Chluastuisceana i dteannta a chéile. Iarrthóirí nach ndéanfaidh an Bhéaltríail roghnach, déanfar an toradh as an scrúdú ar fad a ghrádú as 240 marc.

#### **1.4 An Tástáil**

I gcás an Bhonnleibhéil, cuirtear béim ar ghabhchumas na n-iarrthóirí. Tugann na hiarrthóirí faoi pháipéar scríofa comhtháite amháin ina bhfuil Cluastuisceint, Léamhthuisceint agus Ceapadóireacht. I gcás na cluastuisceana agus na léamhthuisceana ag an leibhéal seo, baintear feidhm as ceisteanna ilroghnacha. Maidir le tástáil ar an gCeapadóireacht, iarrtar ar iarrthóirí tascanna simplí a dhéanamh maille le cártaí poist, teachtaireachtaí ríomhphoist, blaganna, ailt ghearra a scríobh agus foirm iarratais a líonadh. Is minic a chuirtear ábhair spreagtha, m.sh. sraith léaráidí, ar fáil chun cabhrú leis na hiarrthóirí na tascanna seo a chomhlíonadh.

I gcás an Ghnáthleibhéil, cuirtear níos mó béime ar ghinchumas na n-iarrthóirí agus bítear ag súil le caighdeán níos airde. Tá leagan amach an scrúdpháipéir féin ar aon dul a bheag nó a mhór leis an scrúdpháipéar Bonnleibhéil.

Maidir leis an Ardleibhéil, bíonn dhá pháipéar le déanamh ag na hiarrthóirí. Is páipéar comhtháite é Páipéar I ina bhfuil Cluastuisceint, Léamhthuisceint, Trialacha Teanga Comhthéacsúla agus Ceapadóireacht. Tá an próis, an fhilíocht agus scríobh na litreach á dtástáil ar Pháipéar II.

#### **1.5 An Tuairisc Seo**

Is cóir an tuairisc seo a léamh in éineacht leis na scrúdpháipéir agus leis na scéimeanna marcála a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

## 2. An Bonnleibhéal

### 2.1 Réamhrá

Tugtar le fios sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge* (1.3) cé air a bhfuil an leibhéal seo dírithe:

- Tá sé dírithe ar na daltaí nach ndearna dul chun cinn suntasach i sealbhú na Gaeilge agus iad sa bhunscoil. Bheifí ag súil, áfach, go mbeadh caighdeán áirithe Gaeilge ag gach aon pháiste agus iad ag teacht isteach san iar-bhunscoil
- Feictear gurb é an riachtanas is mó atá acu seo ná dul i dtaithe ar úsáid na Gaeilge atá ina dtimpeallacht
- Chuige sin is é príomhchuspóir an chúrsa ná straitéisí cumarsáide oiriúnacha sa Ghaeilge a mhúineadh dóibh, is é sin chun a chur ar a gcumas idirghníomhaíocht a láimhsiú agus pé méid den teanga atá acu a úsáid
- Tá gnéithe den teanga labhartha agus den teanga scríofa fite fuaite tríd an gcuid seo den siollabas. Leagtar béim anseo ar an ngabhchumas mar tá sé seo ag leibhéal níos bunúsaí i sealbhú na teanga ná mar atá an cumas táirgthe. Tá an cumas tuisceana chun tosaigh ar an gcumas labhartha agus ar an gcumas scríbhneoireachta
- Ar an ábhar sin is amhlaidh a thugann na hiarrthóirí ag an leibhéal seo faoi cheisteanna ilroghnacha sa Scrúdú Cluastuisceana. Sa Léamhthuisceant is meaitseáil agus ceisteanna ilroghnacha is mó atá i gceist. Ní mór do na hiarrthóirí a bheith ábalta tascanna bunúsacha a chomhlíonadh, m.sh. cárta poist, teachtaireacht ríomhphoist, blag, alt gearr a scríobh agus foirm iarratais a líonadh.

Ag an leibhéal seo tugann iarrthóirí faoi pháipéar amháin. Tá an triail cluastuisceana agus an scrúdú scríofa comhtháite le chéile. Tá sampla den scrúdpháipéar, chomh maith leis an scéim mharcála a théann leis, le fáil ar an suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Moltar don léitheoir cóip den scrúdpháipéar agus den scéim mharcála a théann leis a bheith os a c(h)omhair agus an tuairisc seo á léamh aige/aici.

Roinn I – Cluastuisceant (40 marc)

Roinn II – Léamhthuisceant (120 marc)

Roinn III – Ceapadóireacht (80 marc)

Maireann an páipéar 120 nóiméad agus tá 240 marc ag gabháil leis.

## 2.2 Gnóthachtáil na hIarrthóirí

Léiríonn Tábla 1 líon na n-iarrthóirí a rinne an Ghaeilge ag na leibhéil éagsúla sa Teastas Sóisearach sna blianta 2006-10.

Bliain	Líon Iarrthóirí	Bonnleibhéal	%	Gnáthleibhéal	%	Ardleibhéal	%
2006	50,871	3,478	6.8	25,440	50.0	21,953	43.2
2007	49,837	3,156	6.3	24,188	48.6	22,493	45.1
2008	47,959	2,932	6.1	22,817	47.6	22,210	46.3
2009	47,313	2,688	5.7	22,033	46.6	22,592	47.7
<b>2010</b>	<b>47,616</b>	<b>2,103</b>	<b>4.4</b>	<b>22,395</b>	<b>47.0</b>	<b>23,118</b>	<b>48.6</b>

Tábla 1: Líon na nIarrthóirí sa Gaeilge sa Teastas Sóisearach, 2006-10.

I dTábla 2 tugtar faisnéis maidir le torthaí na mblianta 2006-10. Léiríonn an Tábla céatadán na n-iarrthóirí a bhain na gráid éagsúla amach ag an mBonnleibhéal.

Bliain	Líon	A	B	C	ABC	D	E	F	NG	EFNG
2006	3,478	11.5	31	33.1	75.6	20	3.6	0.7	0.1	4.4
2007	3,156	15.9	32.1	31.8	79.8	16.9	2.7	0.4	0.1	3.2
2008	2,932	15.2	37.5	33.4	86.1	11.8	1.6	0.4	0.1	2.1
2009	2,688	15.4	33.8	31.4	80.6	15.7	2.7	0.9	0.1	3.7
<b>2010</b>	<b>2,103</b>	<b>12.9</b>	<b>33.5</b>	<b>33.5</b>	<b>79.9</b>	<b>16.9</b>	<b>2.6</b>	<b>0.5</b>	<b>0.0</b>	<b>3.1</b>

Tábla 2: Céatadán na nIarrthóirí a bhain na gráid éagsúla amach ag an mBonnleibhéal, 2006–10.

## 2.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí ag an mBonnleibhéal

Tá sé le feiceáil ar Thábla 2 thuas go bhfuil torthaí na bliana seo ar aon dul a bheag nó a mhór leis na torthaí a baineadh amach le roinnt blianta anuas.

Ag leanúint as cinneadh an Aire cur le líon na marcanna atá ar fáil don Bhéaltríail roghnach, tháinig laghdú suntasach ar líon na marcanna don Chluastuisicint, ó 120 marc go 40 marc. Tháinig ardú ó 100 marc go 120 marc ar líon na marcanna don Léamhthuisicint agus laghdú ó 100 marc go 80 marc ar líon na marcanna don Cheapadóireacht. De réir na dtuairiscí a tháinig chun cinn ó na scrúdaitheoirí agus ó na scrúdaitheoirí comhairleacha thaitin an scrúdpháipéar leasaithe leis na hiarrthóirí. Bhí idir ábhar na gceisteanna agus na ceisteanna féin cothrom agus oiriúnach don aoisghrúpa agus don leibhéal seo.

Mar atá soiléir ón dá thábla thuas, bhí torthaí na n-iarrthóirí an-sásúil i gcoitinne. Tá sé spéisiúil go bhfuil laghdú ar an líon iarrthóirí atá ag tabhairt faoin mBonnleibhéal le roinnt blianta anuas. Tá sé le tuiscint as sin go bhfuil múinteoirí agus údarais scoileanna ag moladh do dhaltaí a bhfuil cumas réasúnta iontu i scríobh na teanga, an Gnáthleibhéal a dhéanamh, rud atá inmholta. Is léir ó thuairiscí na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha go bhfuil deacracht ag roinnt mhaith de na hiarrthóirí le scríobh na teanga.

Maidir le torthaí na n-iarrthóirí, ceist ar cheist, seo a leanas roinnt rudaí a bhí le rá ag na scrúdaitheoirí ina gcuid tuairiscí ar chríochnú na marcála dóibh.

## **An Páipéar Scríofa**

### **Roinn I – Cluastuiscint**

- D’éirigh go breá leis na hiarrthóirí agus is beag deacracht a bhí acu. Bhí an fhreagairt ar cheisteanna 1(b) agus 3(a) beagáinín ní ba laige ná na freagraí ar na ceisteanna eile.

### **Roinn II – Léamhthuiscint**

#### **Ceist 1. Meaitseáil**

- Bhí an caighdeán ard.
- Bhí na daltaí ullmhaithe go maith.
- Scríobh tromlach na n-iarrthóirí abairtí iomlána faoi na grafaicí. Bhí meascán déanta ag roinnt bheag iarrthóirí idir grafaic 1 ‘Cas ar dheis’ agus grafaic 4 ‘Carrchlós – spásanna ar fáil’.

#### **Ceist 2. Fógra**

- Bhí na freagraí ar fheabhas ar an gceist seo.
- Bhí na freagraí ar na míreanna 1-5 beagnach ceart ag gach iarrthóir.
- Chruthaigh mír 6 roinnt fadhbanna agus uaireanta bhí mír 6 fágtha bán.

#### **Ceist 3(a). Sliocht Próis**

Ba é tuairim na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha go raibh an giota faoi Ronaldo in Éirinn an-oiriúnach do na hiarrthóirí. D’éirigh go breá leis na hiarrthóirí i mír 2 anseo. Bhí cuid mhaith deacrachtaí ag iarrthóirí le mír 1, le sloinne Ronaldo. Cheap iarrthóirí gurbh é ‘dos Santos Aveiro’ ainm na háite inar rugadh Ronaldo; cuid dá shloinne é. Chruthaigh mír 3 roinnt fadhbanna d’iarrthóirí freisin. Is minic a roghnaíodh an freagra ‘Shamrock Rovers’ in ionad ‘Real Madrid’.

### **Ceist 3(b). Sliocht Próis**

Mhol na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha an sliocht faoin aisteoir Saoirse Ronan. Bhí na freagraí ar mhír 2 agus 3 ar fheabhas. Chruthaigh mír 1 roinnt fadhbanna d'iarrthóirí mar nár thuig siad an mhír cheisteach 'cathain'; 'I Meiriceá' an freagra a tugadh ar an gceist seo go minic.

## **Roinn III – Ceapadóireacht**

### **Ceist 4. Cárta Poist**

Bhí caighdeán na bhfreagraí ar an gceist seo sásúil de réir na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha. Bhí na hiarrthóirí ábalta tagairt don phictiúr sa chárta poist a scríobh siad. Tugadh faoi deara, áfach, go raibh nathanna agus abairtí ginearálta curtha de ghlanmheabhair ag roinnt iarrthóirí agus bhí tagairtí acu uaireanta nár bhain leis an bpictiúr in aon chor. Bhí easpa stór focal agus drochlitriú le feiceáil uaireanta agus bhain roinnt iarrthóirí úsáid as meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge.

### **Ceist 5. Teachtaireacht Ríomhphoist**

Ba í seo an cheist ba mhó a chruthaigh deacrachtaí do na hiarrthóirí. Bhí rogha ag baint leis an gceist seo roimhe seo ach níl a thuilleadh. Rinne iarrthóirí athscríobh go minic ar an nGaeilge sa phictiúr gan aon ionramháil. Is minic nár comhlíonadh an tasc bunúsach, is é sin, níor tugadh cuireadh.

### **Ceist 6(a). Alt a Scríobh**

Bhí an t-ábhar spreagtha, bunaithe ar spórt, oiriúnach do na hiarrthóirí ag an leibhéal seo, dar leis na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha. Tuairiscíodh go raibh roinnt iarrachtaí lag go leor anseo. Rinne iarrthóirí athscríobh go minic ar an nGaeilge sa phictiúr gan aon ionramháil. Bhí caighdeán na Gaeilge lag go leor uaireanta. Úsáideadh nathanna seachas abairtí; breacadh síos 'tá' agus 'níl' roimh fhocail a cóipeáladh as an bpictiúr agus gan mórán céille le habairtí na n-iarrthóirí.

### **Ceist 6(b). An Fhoirm Iarratais**

Bhí na freagraí ar an gceist seo sásúil agus is léir go roinnt mhaith ullmhúcháin déanta. Bhí na míreanna 1-6 ar fheabhas. Níor thuig roinnt iarrthóirí na nathanna 'ábhar scoile' agus 'caitheamh aimsire'. Ar an iomlán, áfach, d'éirigh réasúnta maith le hiarrthóirí sa cheist seo.



## 2.4 Tatal

- Thaitin leagan amach an scrúdpháipéir leasaithe le scrúdaitheoirí agus iarrthóirí araon
- Céim chun cinn a bhí ann go raibh an triail chluastuisceana mar chuid comhtháite den scrúdpháipéar
- Is léir go bhfuil scoth na hoibre á dhéanamh ag múinteoirí sna scoileanna ag ullmhú daltaí i gcomhair an scrúdaithe seo
- Tá leagan amach agus téacs na gceisteanna ag éirí níos gonta le himeacht ama agus cabhraíonn sé seo go mór leis na hiarrthóirí
- Bhí claonadh i measc daltaí nár éirigh go maith leo athscríobh a dhéanamh ar an téacs sna grafaicí i gCeist 5 agus i gCeist 6(a)
- Tá deacrachtaí ag go leor iarrthóirí le Roinn III – Ceapadóireacht, go háirithe Ceist 5, an Teachtaireacht Ríomhphoist
- Caitear an iomad ama ag cur freagraí réamhullmhaithe de ghlanmheabhair i Roinn III den scrúdpháipéar. Uaireanta freisin ní léann iarrthóirí na treoirlínte nó sin nach gcloíonn siad leo agus caillean siad marcanna dá bharr.

## 2.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí

### (i) Do mhúinteoirí

- Féachaint siar go rialta ar an *Siollabas don Teastas Sóisearach*. Tá a bhfuil sna scrúdpháipéir fréamhaithe sa siollabas sin
- Úsáid a bhaint as scrúdpháipéir ó bhlianta eile; tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Chruthaigh Ceist 5, Teachtaireacht Ríomhphoist, deacrachtaí dá lán iarrthóirí agus bheadh sé inmholta do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí díriú isteach ar an gceist seo. Níor mhiste do na hiarrthóirí agus do na múinteoirí breis airde a dhíriú ar riachtanais na ceiste seo agus a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfadh athrú teacht ar an tasc a bheidh le comhlíonadh ó bhliain go bliain sa cheist seo. D'fhéadfadh ceann ar bith de na tascanna seo a leanas a bheith ann ó bhliain go bliain: cuireadh a thabhairt, freagra ar chuireadh a scríobh, teachtaireacht ríomhphoist a chumadh nó a fhreagairt, blag a chumadh nó a fhreagairt
- Cleachtadh rialta a thabhairt do na daltaí i scríobh na Gaeilge: cárta poist, teachtaireacht ríomhphoist, blag, agus alt
- Bunrialacha na gramadaí a mhúineadh
- Úsáid a bhaint as Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide mar áis eolais agus tacaíochta don mhúinteoireacht. Scoláirí a spreagadh agus a chur ar an eolas maidir le suímh oiriúnacha ar an ngréasán domhanda do chur chun cinn an churaclaim
- Tástálar na scileanna éagsúla: éisteacht, léamh, scríobh agus caint go neamhspleách ar a chéile sna scrúduithe. Tá an cur chuige comhtháite i múineadh na scileanna sin, inmholta áfach

- Múinteoirí nach bhfuil taithí acu mar scrúdaitheoirí, ba chóir dóibh a bheith cinnte de go bhfuil cur amach acu ar an gcóras measúnaithe ag an leibhéal seo. Is féidir *An Scéim Mharcála, Gaeilge TSBL 2010*, maille le freagraí samplacha, a fháil ar an suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

**(ii) Do Dhaltaí**

- Bheith cinnte go léann siad gach ceist agus treoirlíne go cúramach
- Gan ceist ná cuid de cheist a fhágáil ar lár sa scrúdú féin
- Bheith cinnte go dtuigeann siad roimh ré an leagan amach atá ar an scrúdpháipéar
- Réamhullmhúchán breise a dhéanamh do Roinn III, an Cheapadóireacht
- Am a fhágáil ag deireadh an scrúdaithe chun dul siar ar a bhfuil déanta acu
- Staidéar a dhéanamh go rialta ar scrúdpháipéir ó bhlianta eile atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Tá na trialacha cluastuisceana ó bhlianta eile ar fáil anois ar dhlúthdhiosca a d'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Éisteacht leis an múinteoir agus glacadh le comhairle uaithe/uaidh maidir leis an leibhéal is oiriúnaí dóibh
- Bunrialacha na gramadaí a fhoghlaim
- Úsáid a bhaint as na suímh oiriúnacha ar an ngréasán domhanda mar áis foghlama agus tacaíochta
- Úsáid rialta a bhaint as suíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Tá treoracha a bhaineann leis an scrúdú Gaeilge sa Teastas Sóisearach, Bonnleibhéal, ar fáil in imlitir S73/09. Tá scéimeanna marcála, scrúdpháipéir agus gach eolas faoin mBéaltrial roghnach le fáil ar an suíomh seo.

### 3. An Gnáthleibhéal

#### 3.1 Réamhrá

Tugtar le fios sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge* (1.3) cé air a bhfuil an leibhéal seo dírithe:

- Daltaí a bhfuil caighdeán creidiúnach sa Ghaeilge bainte amach acu agus iad ag tosú san iar-bhunscoil
- Iad siúd a thosaíonn ar bheagán Gaeilge ach a léiríonn cumas foghlama thar an ngnáth i rith an chúrsa
- Iad siúd ón nGaeltacht nach n-oirfeadh an t-ardchúrsa dóibh ach a bhfuil scileanna áirithe teanga go maith acu.

Ag an leibhéal seo tugann iarrthóirí faoi pháipéar amháin. Tá an triail chluastuisceana agus an scrúdú scríofa comhtháite le chéile. Tá sampla den scrúdpháipéar, chomh maith leis an scéim mharcála a théann leis, le fáil ar an suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Moltar don léitheoir cóip den scrúdpháipéar agus den scéim mharcála a théann leis a bheith os a c(h)omhair agus an tuairisc seo á léamh aige/aici.

Roinn I – Cluastuisceant (40 marc)

Roinn II – Léamhthuisceant (120 marc)

Roinn III – Scríobh na Teanga (80 marc)

Maireann an páipéar 120 nóiméad agus tá 240 marc ag gabháil leis.

#### 3.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Léiríonn Tábla 3 líon na n-iarrthóirí a rinne an Ghaeilge ag na leibhéil éagsúla sa Teastas Sóisearach sna blianta 2006–10.

Bliain	Líon Iarrthóirí	Bonnleibhéal	%	Gnáthleibhéal	%	Ardleibhéal	%
2006	50,871	3,478	6.8	25,440	50.0	21,953	43.2
2007	49,837	3,156	6.3	24,188	48.6	22,493	45.1
2008	47,959	2,932	6.1	22,817	47.6	22,210	46.3
2009	47,313	2,688	5.7	22,033	46.6	22,592	47.7
<b>2010</b>	<b>47,616</b>	<b>2,103</b>	<b>4.4</b>	<b>22,395</b>	<b>47.0</b>	<b>23,118</b>	<b>48.6</b>

Tábla 3: Líon na nIarrthóirí sa Gaeilge sa Teastas Sóisearach, 2006-10.

I dTábla 4 tugtar faisnéis maidir le torthaí na mblianta 2006–10. Léiríonn an tábla céatadán na n-iarrthóirí a bhain gráid éagsúla amach sa Ghaeilge ag an nGnáthleibhéal.

Bliain	Líon	A	B	C	ABC	D	E	F	NG	EFNG
2006	25,440	5.4	35.9	37.1	78.4	17.8	3.3	0.4	0.0	3.7
2007	24,188	4.6	31.6	35.3	71.5	22.1	5.6	0.6	0.0	7.2
2008	22,817	5.2	34.7	38.3	78.2	19.1	2.3	0.3	0.0	3.4
2009	22,033	3.9	33.9	38.4	76.2	20.2	3.2	0.4	0.1	4.6
<b>2010</b>	<b>22,395</b>	<b>4.0</b>	<b>33.1</b>	<b>42.2</b>	<b>79.3</b>	<b>19.2</b>	<b>1.4</b>	<b>0.2</b>	<b>0.0</b>	<b>1.6</b>

Tábla 4: Céatadán na nIarrthóirí a bhain na gráid éagsúla amach ag an nGnáthleibhéal, 2006–10.

### 3.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí ag an nGnáthleibhéal

Tá sé le feiceáil ar Thábla 4 thuas go bhfuil torthaí na bliana seo ar aon dul a bheag nó a mhór leis na torthaí a baineadh amach le roinnt blianta anuas.

Leagtar béim ar an gcumarsáid, is é sin ar chumas an iarrthóra í/é féin a chur in iúl trí mheán na Gaeilge agus na ceisteanna tuisceana agus eolais á bhfreagairt aige/aici. Sa Triail Chluastuisceana leasaithe tá 24 marc as 40 marc ag baint le léiriú na tuisceana i gceisteanna ilroghnacha (tic [✓] le cur sna boscaí cuí). Sa scrúdpháipéar leasaithe tá 60% den mharc iomlán ag gabháil le léiriú na tuisceana, díreach mar a bhí roimhe seo. Ní raibh aon tionchar suntasach ag an athrú seo ar ghnóthachtáil na n-iarrthóirí.

Ag leanúint as cinneadh an Aire cur le líon na marcanna atá ar fáil don Bhéaltriail roghnach, tháinig laghdú suntasach ar líon na marcanna don Chluastuisceant, ó 100 marc go 40 marc. Tháinig ardú ó 110 marc go 120 marc ar líon na marcanna don léamhthuisceant agus laghdú ó 110 marc go 80 marc ar líon na marcanna do Scríobh na Teanga. De réir na dtuairiscí a tháinig chun cinn ó na scrúdaitheoirí agus ó na scrúdaitheoirí comhairleacha thaitin an scrúdpháipéar leasaithe leis na hiarrthóirí. Bhí an t-ábhar sa scrúdpháipéar oiriúnach do na hiarrthóirí agus ní raibh aon tionchar suntasach ag an athrú sna marcanna ar ghnóthachtáil na n-iarrthóirí.

Mar atá soiléir ó Thábla 3 agus 4 thuas, bhí torthaí na n-iarrthóirí an-sásúil i gcoitinne. Tá sé spéisiúil gur tháinig ardú ar an líon iarrthóirí a thug faoin nGnáthleibhéal i mbliana. Tá sé suntasach, áfach, go bhfuil líon na n-iarrthóirí a thug faoin nGnáthleibhéal beagán níos ísle i mbliana agus anuraidh ná an líon iarrthóirí a thug faoin Ardleibhéal.

Maidir le torthaí na n-iarrthóirí, ceist ar cheist, seo a leanas roinnt rudaí a bhí le rá ag na scrúdaitheoirí ina gcuid tuairiscí ar chríochnú na marcála dóibh.

## **An Páipéar Scríofa**

### **Roinn I – Cluastuisceant**

- Mheas na scrúdaitheoirí go raibh topaicí na Cluastuisceana an-oiriúnach don leibhéal seo.
- Bhain na hiarrthóirí gráid níos airde amach sa Chluastuisceant sa scrúdpháipéar leasaithe.

#### **Cuid A: An Chéad Chainteoir**

- I Mír 1, ‘Gaillimh’ nó ‘Conamara’ na gnáthfhreagraí a tugadh, is beag dalta a d’aimsigh ‘Ros Muc’.
- Bhí Mír 2 an-mhaith.
- I Mír 3, bhí deacracht ag roinnt mhaith daltaí leis an ábhar, ‘Eacnamaíocht Bhaile’.

#### **Cuid A: An Dara Cainteoir**

- I mír I, bhí deacracht ag roinnt iarrthóirí leis an ainm áite ‘Páras’. ‘I bPáras’ a chuala na hiarrthóirí ar an dlúthdhiosca.
- D’éirigh go breá leis na hiarrthóirí i mír 2 agus i mír 3.

#### **Cuid B: Fógra agus Píosa Nuachta**

- Is beag iarrthóir nach bhfuair iomlán na marcanna sa chuid seo.

#### **Cuid C: Comhráite**

- D’éirigh go seoigh leis na hiarrthóirí i gComhrá a hAon. Bhí deacracht ag roinnt iarrthóirí le mír A i gComhrá a Dó.

### **Roinn II – Léamhthuisceant**

#### **Ceist 1. Meaitseáil**

D’éirigh go breá leis na hiarrthóirí sa cheist seo. Tá méadú ar na marcanna ó 20 marc go 30 marc sa scrúdú leasaithe. Chabhraigh sé seo go mór le hiarrthóirí a raibh deacrachtaí acu le ceisteanna eile.

#### **Ceist 2. Fógraí**

Bhí ardchaighdeán ag baint leis na freagraí ar an gceist seo. Bhí fógra sa bhreis sa cheist seo i mbliana in ionad na filíochta.

### **Ceist 3(a). Sliocht Próis**

Ba é tuairim na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha go raibh an sliocht faoi Hannah Montana/Myley Cyrus an-oiriúnach do na hiarrthóirí. D'éirigh go breá leo sa cheist seo. Is cosúil go raibh a lán eolais roimh ré ag na hiarrthóirí faoi Hannah Montana/Myley Cyrus agus chuidigh sin leo an sliocht a thuiscint. Bhí roinnt iarrthóirí nár léigh na ceisteanna go cúramach, áfach, agus chaill siad marcanna dá bharr. Scríobh cuid de na hiarrthóirí an iomarca ina gcuid freagraí ar na míreanna 3 agus 5 ach gan an t-eolas a bhí ag teastáil a chur in iúl go beacht. Bhí na freagraí ar na míreanna eile an-mhaith.

### **Ceist 3(b). Sliocht Próis**

Mhol na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha an sliocht faoi John Boyne. Bhí na freagraí ar na míreanna 3, 4 agus 5 ar fheabhas. I mír 1, fágadh cuid den fhreagra, 'go leith', ar lár uaireanta. Tharla an rud céanna maidir le 'níos mó' i mír 2.

## **Roinn III – Scríobh na Teanga**

### **Ceist 4. Cárta Poist**

Bhí caighdeán sásúil mar is gnáth i bhfreagairt na ceiste seo de réir na scrúdaitheoirí agus na scrúdaitheoirí comhairleacha. Bhí caighdeán na Gaeilge sásúil. Bíonn na dtreoirínte sa cheist seo mórán mar an gcéanna ó bhliain go bliain agus bíonn na hiarrthóirí ullmhaithe go maith don cheist seo. Mar sin féin bhí cuid de na freagraí nach raibh *ad rem*. Rinneadh tagairt do threoirínte a bhí ar scrúdpháipéir roimhe seo. Chruthaigh an chéad threoirínte, 'go dtí tír eile' fadhb do roinnt mhaith iarrthóirí.

### **Ceist 5. Teachtaireacht Ríomhphoist**

Ba í seo an cheist ba mhó a chruthaigh deacrachtaí do na hiarrthóirí. Níor thuig roinnt mhaith iarrthóirí brí na dtreoirínte. Rinneadh athscríobh go minic ar an nGaeilge sna pictiúir agus sna boscaí fúthu.

### **Ceist 6(a). Litir**

Bhí na scrúdaitheoirí sásta le hábhar na litreach ar an scrúdpháipéar ach chruthaigh friotal na dtreoirínte fadhbanna do roinnt mhaith iarrthóirí. Níor thuig roinnt mhaith iarrthóirí an cheist 'conas a fuair tú na ticéid?' ná an frása 'in éineacht leat'. Bhí caighdeán na Gaeilge lag go leor uaireanta. Bhí aimsirí na mbriathra measctha ag roinnt de na hiarrthóirí, bhí easpa éagsúlachta sna briathra a scríobh siad agus bhí drochlitriú ann.

## Ceist 6(b). Alt/Cuntas

Scríobh tromlach na n-iarrthóirí 15 líne nó níos mó sa cheist seo. Fuair tromlach na n-iarrthóirí iomlán na marcanna a bhí ag gabháil leis an eolas sa fhreagra. An méid sin ráite chruthaigh an cheist seo roinnt deacrachtaí. Bhí claonadh i measc daltaí nár éirigh go maith leo athscríobh a dhéanamh ar an téacs san fhógra gan aon ionramháil. Scríobh roinnt iarrthóirí an cuntas sa tríú pearsa agus bhí caighdeán na Gaeilge lag go leor uaireanta.

### 3.4 Tátal

- Thaitin leagan amach an scrúdpháipéir leasaithe le scrúdaitheoirí agus le hiarrthóirí araon
- Céim chun cinn a bhí ann an scrúdú cluastuisceana a bheith mar chuid chomhtháite den scrúdpháipéar
- Is léir go bhfuil scoth na hoibre á dhéanamh ag múinteoirí sna scoileanna ag ullmhú daltaí i gcomhair an scrúdaithe seo
- Is léir freisin go réitíonn an scrúdú seo go maith le daltaí mar bíonn fonn ar líon suntasach díobh tabhairt faoi bliain i ndiaidh bliana
- Tá leagan amach agus téacs na gceisteanna ag éirí níos gonta le himeacht ama agus cabhraíonn sé seo go mór leis na hiarrthóirí
- Bhí claonadh i measc daltaí nár éirigh go maith leo athscríobh a dhéanamh ar an téacs sna grafaicí i gCeist 5 agus i gCeist 6(b)
- Tá deacrachtaí ag go leor iarrthóirí le Roinn III, go háirithe le Ceist 5, an Teachtaireacht Ríomhphoist
- Caitear an iomad ama ag cur freagraí réamhullmhaithe de ghlanmheabhair i gcomhair Roinn III den scrúdpháipéar agus uaireanta ní léann iarrthóirí na treoirlínte nó sin nach gcloíonn siad leo, agus cailleann siad marcanna dá bharr.

### 3.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí

#### (i) Do mhúinteoirí

- Féachaint siar go rialta ar an *Siollabas don Teastas Sóisearach*. Tá a bhfuil sna scrúdpháipéir fréamhaithe sa siollabas sin
- Úsáid a bhaint as scrúdpháipéir ó bhlianta eile; tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Chruthaigh Ceist 5, Teachtaireacht Ríomhphoist, deacrachtaí dá lán iarrthóirí agus bheadh sé inmholta do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí díriú isteach ar an gceist seo. Ní ceist roghnach atá anseo a thuilleadh. Níor mhiste do na hiarrthóirí agus do na múinteoirí breis airde a dhíriú ar riachtanais na ceiste seo agus a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfadh athrú teacht ar an tasc a bheidh le comhlíonadh ó bhliain go bliain sa cheist seo. D'fhéadfadh ceann ar bith de na tascanna seo a leanas a bheith ann ó bhliain go bliain: cuireadh a thabhairt, freagra ar chuireadh a scríobh, teachtaireacht ríomhphoist a chumadh nó a fhreagairt, blag a chumadh nó a fhreagairt

- Cleachtadh rialta a thabhairt do na daltaí i scríobh na Gaeilge: cárta poist, teachtaireacht ríomhphoist, blog, litir agus alt/cuntas
- Bunrialacha na gramadaí a mhúineadh
- Úsáid a bhaint as Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide mar áis eolais agus tacaíochta don mhúinteoireacht. Scoláirí a spreagadh agus a chur ar an eolas maidir le suímh oiriúnacha ar an ngréasán domhanda do chur chun cinn an churaclaim
- Tástálar na scileanna éagsúla: éisteacht, léamh, scríobh agus caint go neamhspleách ar a chéile sna scrúduithe. Tá an cur chuige comhtháite i múineadh na scileanna sin, inmholta áfach
- Múinteoirí nach bhfuil taithí acu mar scrúdaitheoirí ba chóir dóibh a bheith cinnte de go bhfuil cur amach acu ar an gcóras measúnaithe ag an leibhéal seo. Is féidir *An Scéim Mharcála, Gaeilge TSGL 2010*, maille le freagraí samplacha, a fháil ar an suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

## (ii) Do Dhaltaí

- Bheith cinnte go léann siad gach ceist agus treoirlíne go cúramach
- Gan ceist ná cuid de cheist a fhágáil ar lár sa scrúdú féin
- Bheith cinnte go dtuigeann siad roimh ré an leagan amach atá ar an scrúdpháipéar
- Am a fhágáil ag deireadh an scrúdaithe chun dul siar ar a bhfuil déanta acu
- Staidéar a dhéanamh go rialta ar scrúdpháipéir ó bhlianta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Tá na trialacha cluastuisceana ó bhlianta eile ar fáil anois ar dhlúthdhiosca a d'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Éisteacht leis an múinteoir agus glacadh le comhairle uaithi/uaidh maidir leis an leibhéal is oiriúnaí dóibh
- Bunrialacha na gramadaí a fhoghlaim
- Úsáid a bhaint as na suímh oiriúnacha ar an ngréasán domhanda mar áis foghlama agus tacaíochta
- Úsáid rialta a bhaint as suíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Tá treoracha a bhaineann leis an scrúdú Gaeilge sa Teastas Sóisearach, Gnáthleibhéal, ar fáil in imlitir S73/09. Tá scéimeanna marcála, scrúdpháipéir agus gach eolas faoin mBéaltríail roghnach le fáil ar an suíomh seo.



## 4. An tArdleibhéal

### 4.1 Réamhrá

#### An tArdleibhéal

Tugtar le fios sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge* (1.3) cé air a bhfuil an leibhéal seo bunaithe:

- An formhór de dhaltaí na Gaeltachta
- An formhór de dhaltaí na nGaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht
- Daltaí ó ghnáthscoileanna a thug an teanga leo go maith.

Ag an leibhéal seo, tugann iarrthóirí faoi dhá pháipéar. Tá an triail cluastuisceana agus an scrúdú scríofa comhtháite le chéile i bPáipéar I. Tá samplaí de na scrúdpháipéir, chomh maith leis an scéim mharcála a théann leo, le fáil ar an suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Moltar don léitheoir cóip de na scrúdpháipéir agus den scéim mharcála a théann leo a bheith os a c(h)omhair agus an tuairisc seo á léamh aige/aici.

#### Páipéar I

Roinn I – Cluastuisceant (40 marc)

Roinn II – Léamhthuisceant (40 marc)

Roinn III – Trialacha Teanga Comhthéacsúla (20 marc)

Roinn IV – Ceapadóireacht (50 marc).

#### Páipéar II

Roinn I – Litríocht: Prós (30 marc)

Roinn II – Litríocht: Filíocht (30 marc)

Roinn III – Scríbhneoireacht (30 marc).

Maireann Páipéar I 120 nóiméad agus tá 150 marc ag gabháil leis. Maireann Páipéar II 90 nóiméad agus tá 90 marc ag gabháil leis.

### 4.2 Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Léiríonn Tábla 5 líon na n-iarrthóirí a rinne an Ghaeilge ag na leibhéil éagsúla sa Teastas Sóisearach sna blianta 2006-10.

Bliain	Líon Iarrthóirí	Bonnleibhéal	%	Gnáthleibhéal	%	Ardleibhéal	%
2006	50,871	3,478	6.8	25,440	50	21,953	43.2
2007	49,837	3,156	6.3	24,188	48.6	22,493	45.1
2008	47,959	2,932	6.1	22,817	47.6	22,210	46.3
2009	47,313	2,688	5.7	22,033	46.6	22,592	47.7
<b>2010</b>	<b>47,616</b>	<b>2,103</b>	<b>4.4</b>	<b>22,395</b>	<b>47</b>	<b>23,118</b>	<b>48.6</b>

Tábla 5: Líon na nIarrthóirí sa Gaeilge sa Teastas Sóisearach, 2006-10.

I dTábla 6 tugtar faisnéis maidir le torthaí na mblianta 2006–10. Léiríonn an tábla céatadán na n-iarrthóirí a bhain gráid éagsúla amach sa Ghaeilge ag an Ardleibhéal.

Bliain	Líon	A	B	C	ABC	D	E	F	NG	EFNG
2006	21953	10.1	33.0	37.2	80.0	18.0	1.7	0.2	0.0	2.3
2007	22493	11.2	33.0	35.0	79.1	18.4	2.2	0.2	0.0	2.6
2008	22210	11.0	30.2	37.1	78.5	19.3	2.2	0.2	0.0	2.7
2009	22592	10.7	32.8	36.4	79.6	18.1	1.9	0.2	0.0	2.5
<b>2010</b>	<b>23111</b>	<b>11</b>	<b>32.3</b>	<b>38.3</b>	<b>81.6</b>	<b>16.6</b>	<b>1.6</b>	<b>0.2</b>	<b>0.0</b>	<b>1.8</b>

Tábla 6: Céatadán na nIarrthóirí a bhain na gráid éagsúla amach ag an Ardleibhéal, 2006–10.

### 4.3 Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí ag an Ardleibhéal

Tá sé le feiceáil ar Thábla 6 thuas go bhfuil torthaí na bliana seo ar aon dul a bheag nó a mhór leis na torthaí a baineadh amach le roinnt blianta anuas.

Leagtar béim ar an gcumarsáid sa scrúdú, m.sh. cumas an iarrthóra í/é féin a chur in iúl trí mheán na Gaeilge scríofa agus na ceisteanna á bhfreagairt aici/aige. Is ar an mbonn sin a dhéantar Gaeilge an iarrthóra a mheá. Déantar iarracht, chomh fada agus is féidir é a dhéanamh, cothromaíocht a bheith idir an marc a bhronntar ar an eolas agus an marc a bhronntar ar an nGaeilge sna háiteanna a mbíonn sé sin i gceist iontu.

Ag leanúint as cinneadh an Aire cur le líon na marcanna atá ar fáil don Bhéaltríail roghnach, tháinig laghdú suntasach ar líon na marcanna don Chluastuiscint, ó 100 marc go 40 marc. Tá 110 marc ag dul don Léamhthuiscint, Trialacha Comhthéacsúla agus Ceapadóireacht i bPáipéar I. Tá 90 marc ag dul don Phrós Liteartha, Filíocht agus Litir i bPáipéar II. De réir na dtuairiscí a tháinig chun cinn ó na scrúdaitheoirí agus ó na scrúdaitheoirí comhairleacha thaitin an scrúdpháipéar leasaithe leis na hiarrthóirí. Bhí idir ábhar na gceisteanna agus na ceisteanna féin cothrom agus oiriúnach don aoisghrúpa agus don leibhéal seo.

Mar atá soiléir ón dá Thábla thuas, bhí torthaí na n-iarrthóirí an-sásúil i gcoitinne ag an leibhéal seo. Chomh maith leis sin, bhí ardú ar líon na n-iarrthóirí a thug faoin ardchúrsa i mbliana. Comharthaí iad seo go bhfuil tús maith déanta ag an Teastas Sóisearach leasaithe ag an Ardleibhéal. Léas dóchais ann féin é sin ach tá sé róluath fós a rá go cinnte go bhfuil athrú ar chur chuige na scoileanna.

Maidir le torthaí na n-iarrthóirí, ceist ar cheist, seo a leanas roinnt rudaí a bhí le rá ag na scrúdaitheoirí ina gcuid tuairiscí ar chríochnú na marcála dóibh.

## Na Páipéir Scríofa

### PÁIPÉAR I

#### ROINN I – Cluastuisceant

- Mheas na scrúdaitheoirí go raibh topaicí na Cluastuisceana an-oiriúnach don leibhéal seo.
- D'éirigh go breá le hiarrthóirí i ngach cuid. Ba bheag duine nach bhfuair 25 marc nó níos mó sa Roinn seo.
- I gCuid A, freagraíodh gach ceist go sásúil seachas 'ubh a bheiriú i gceart'. Bhí deacracht ag daoine áirithe maidir le litriú ainmneacha as Gaeilge, m.sh. 'Conamara', 'Scoil an Phiarsaigh', 'Páras'.
- I gCuid B agus i gCuid C, d'éirigh go seoigh le hiarrthóirí lasmuigh de dhrochlitríú in áiteanna.

#### ROINN II – Léamhthuisceant

##### Ceist 1 Freagair A agus B anseo.

Leagadh an bhéim sa mharcáil ar an eolas ceart a bheith sna freagraí anseo. Bhíothas tuisceanach maidir le húsáid focail an tsleachta sna freagraí fad a bhí siad oiriúnach agus nádúrtha mar fhreagraí ach bhíothas dian tríd síos ar athscríobh iomarcach. D'ainneoin an bhéim a bheith ar an eolas ceart, áfach, níor scaoileadh le heaspa cruinnis i láimhseáil na teanga. D'fhéadfaí uasmhéid 4 marc a bhaint ag an deireadh d'aon iarrthóir a bhí míchruinn i láimhseáil na teanga.

Seo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist áirithe seo:

- Mheas na scrúdaitheoirí go raibh an dá phársa léamhthuisceana an-oiriúnach don leibhéal agus i ngeall air sin gur bheag stró a bhí ar fhormhór na n-iarrthóirí marcanna arda a ghnóthú
- Uaireanta ba léir nár léadh an cheist go cúramach mar nár tugadh ach pointe amháin eolais nuair a bhí dhá cheann ag teastáil
- I Roinn B, (iv) agus (v), scríobh roinnt iarrthóirí na freagraí ar an scrúdpháipéar féin in ionad sna freagarleabhair mar a iarradh orthu.

## ROINN III – Trialacha Teanga Comhthéacsúla

**Ceist 2.** Freagair **A** agus **B** anseo.

Bhí an bhéim sa dá cheist seo ar chruinneas na teanga.

- D’fháiltigh na scrúdaitheoirí roimh an gceist nua seo. Is céim sa treo ceart í, dar leo, le daltaí a chur ag smaoineamh ar chruinneas na teanga agus iad ag scríobh nó ag labhairt na Gaeilge
- I gCuid A, ba iad ‘d’oibrigh’ agus ‘gur scríobh’ an dá fhreagra ba mhinice a bhí mícheart
- I gCuid B, bhí roinnt iarrthóirí nach bhfuair an dáta ‘1980’ ná an ginideach sa nath ‘ar fud na tíre’ i gceart
- Sa cheist seo freisin, scríobh roinnt iarrthóirí na freagraí ar an scrúdpháipéar féin in ionad sna freagarleabhair mar a iarradh orthu.

Is fiú cloí leis na Trialacha Teanga Comhthéacsúla amach anseo ar mhaithe le cruinneas na Gaeilge a chur chun cinn, dar leis na scrúdaitheoirí.

I gCuid A den cheist seo amach anseo, is giota nuachta *nó* ríomhphost *nó* blag *nó* comhrá *nó* litir a bheidh ann. Féadfaidh rogha de na haimsirí seo a leanas a bheith ann: Aimsir Láithreach, Aimsir Chaite, Aimsir Fháistineach agus an Modh Coinníollach. Iarrfar ar na hiarrthóirí an giota a athscríobh in aimsir/modh a luafar agus tabharfar comhthéacs dóibh.

I gCuid B, is gnéithe eile de chruinneas agus de chomhréir na Gaeilge a bheidh á dtástáil seachas na briathra. Tá múnla amháin den cheist seo tugtha ar an bpáipéar samplach agus ar scrúdpháipéar na bliana seo ach d’fhéadfadh múnlaí difriúla a bheith ar an gceist ó bhliain go bliain. Mar shampla, d’fhéadfaí píosa leanúnach próis a thabhairt ar an bpáipéar ina n-iarrfaí ar iarrthóirí tascanna mar seo a leanas a chomhlíonadh:

- samplaí den tuiseal ginideach a aimsiú sa phíosa
- aidiachtaí a aimsiú sa phíosa
- ainmfhocail san uimhir uatha/uimhir iolra a aimsiú sa phíosa.

Tá cuntas iomlán ar an gceist nua seo le fáil in imlitir S73/09 a d’eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## ROINN IV – Ceapadóireacht

Bhí ar na hiarrthóirí ceann amháin díobh seo a leanas a roghnú:

- A. Aiste
- B. Scéal / Eachtra
- C. Díospóireacht / Óráid
- D. Alt (do nuachtán nó d’iris)

Bhí rogha an-fhairsing teideal ag na hiarrthóirí anseo. Is é cuspóir na rogha seo foirmeacha agus stíleanna difriúla scríbhneoireachta agus ceapadóireachta a chothú i measc na n-iarrthóirí. Bhí idir scrúdaitheoirí agus scrúdaitheoirí comhairleacha sásta le rogha na ceapadóireachta ar an scrúdpháipéar i mbliana. Ba bheag iarrthóir nach raibh ábalta tabhairt faoi cheann de na teidil.

Anseo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist áirithe seo:

- Ba iad B(i) agus B(ii) ba mhó a roghnaíodh
- Bhí aistí agus scéalta / eachtraí réamhullmhaithe ag roinnt iarrthóirí, áfach, go háirithe in B(i) agus B(ii). Uaireanta, ní raibh ach giota beag ag tús na ceapadóireachta *ad rem* agus cur síos sa chuid eile ar thimpiste nó ar dhóiteán
- Maidir le C(i) agus C(ii), ba iad na hiarrthóirí ab airde gnóthachtáil a roghnaigh iad de ghnáth. Bhí formhór na n-iarrachtaí ar ardchaighdeán ó thaobh na Gaeilge agus ó thaobh na smaointe de
- Ba bheag iarrthóir a thug faoi D(i) nó D(ii)
- Bhí claonadh i mórán iarrthóirí cloí le cuntas lom san aimsir chaite amháin fiú nuair ba léir nár leor a leithéid chun ionramháil thuisceanach a dhéanamh ar an ábhar
- Is í an tuairim choitianta atá i measc na scrúdaitheoirí taithíocha ná gur féidir feabhas a chur ar an gcaighdeán sa cheapadóireacht. Cheap siad gur chóir do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí tairbhe a bhaint as an rogha leathan ábhar atá sa cheist seo agus an tsamhlaíocht agus cur chuige deimhneach cruthaitheach a fhorbairt.

## PÁIPÉAR II

### ROINN I – Prós Liteartha

**Ceist 1.** Bhí trí mhír le freagairt sa cheist seo.

Leagadh an bhéim ar an eolas sa mharcáil anseo. Bhíothas tuisceanach maidir le húsáid focail an tsleachta sna freagraí ach bhíothas dian ar athscríobh iomarcach.

Seo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí i dtaobh chaighdeán na bhfreagraí sa cheist seo:

- Bhí an sliocht as an leabhar *Scoil an Chnoic* oiriúnach don leibhéal seo
- Freagraíodh na ceisteanna go maith agus gnóthaíodh marcanna arda, go háirithe i gcuid A
- Bhí na ceisteanna i gcuid B deacair do dhornán áirithe iarrthóirí. Bhí B(iii) dúshlánach do scoth na n-iarrthóirí fiú.

**Ceist 2.** Freagair A nó B anseo.

Anseo a leanas achoimre ar a raibh le rá ag scrúdaitheoirí maidir leis na freagraí anseo:

- Freagraíodh B ní ba mhinice ná A
- Ghnóthaigh formhór mór na n-iarrthóirí marcanna arda sa cheist seo, 12 marc mar mheán
- Gearrscéalta is mó a bhí á n-úsáid ag iarrthóirí
- Bhí idir scrúdaitheoirí agus scrúdaitheoirí comhairleacha den tuairim gur féidir feabhas a chur ar chaighdeán na bhfreagraí sa cheist seo. Cheap siad gur chóir do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí tairbhe a bhaint as an réimse leathan próis atá ar fáil agus atá oiriúnach don leibhéal seo.

## **ROINN II – Filíocht**

**Ceist 3.** Bhí trí mhír le freagairt sa cheist seo.

Seo cuid de na rudaí a luaigh na scrúdaitheoirí faoin gceist seo:

- Measadh go raibh an dá dhán oiriúnach ó thaobh ábhair agus teanga de
- Ceapadh, áfach, go raibh an dara dán, *Daonáireamh 1911*, dúshlánach go maith
- Ghnóthaigh formhór na n-iarrthóirí marcanna sásúla in A(ii) agus in A(iii)
- Bhí na freagraí sa Léirthuisicint (Cuid B) lag go maith
- Bhíothas tuisceanach maidir le húsáid focail na ndánta féin sna freagraí ach bhíothas dian ar athscríobh iomarcach.

**Ceist 4.** Freagair A nó B anseo.

Bhí a raibh le rá ag na scrúdaitheoirí ar aon dul lena raibh le rá acu faoi Cheist 2:

- Freagraíodh B ní ba mhinice ná A
- Ghnóthaigh formhór mór na n-iarrthóirí marcanna arda sa cheist seo
- Bhí gíotaí réamhullmhaithe faoi dhánta cosúil le *Subh Milis* á dtabhairt ag a lán iarrthóirí mar fhreagraí anseo
- Bhí idir scrúdaitheoirí agus scrúdaitheoirí comhairleacha den tuairim gur féidir feabhas a chur ar chaighdeán na bhfreagraí sa cheist seo. Cheap siad gur chóir do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí tairbhe a bhaint as an réimse leathan filíochta atá ar fáil agus atá oiriúnach don leibhéal seo.

## ROINN III – Litir

**Ceist 5.** Freagair A nó B nó C anseo.

Seo roinnt dá raibh le rá ag scrúdaitheoirí faoin gceist seo:

- Bhí na litreacha A, B agus C an-oiriúnach don aoisghrúpa seo
- Roghnaíodh A agus B níos minice ná C
- D'éirigh níos fearr le hiarrthóirí in B ná in A toisc nár thuig cuid acu an nath cainte ‘ról an phríomhoide’
- Bhí na freagraí an-sásúil i gcoitinne
- Ba léir go raibh na hiarrthóirí ullmhaithe go maith don cheist seo
- Cabhraíonn na treoirlínte ag tús na litreach go mór le hiarrthóirí struchtúr a chur ar a gcuid smaointe.

### Caighdeán na Gaeilge sna Freagraí

Toisc go bhfuil an scrúdú seo ag freastal ar réimse leathan iarrthóirí (féach lgh 4-5 de Shiollabas an Teastais Shóisearaigh) feictear idirdhealú suntasach idir an caighdeán Gaeilge a bhíonn ag na hiarrthóirí a ghnóthaíonn na gráid is airde agus na hiarrthóirí eile. Bíonn na hiarrthóirí a ghnóthaíonn grád C nó níos ísle ag brath go hiomlán nach mór ar an aimsir chaite chun iad féin a chur in iúl. Chomh maith leis sin, toisc go bhfuil an-bhéim ar an gcur chuige cumarsáideach sa teagasc, bíonn easpa cruinnis in ionramháil na teanga le sonrú ag an leibhéal seo, fiú amháin i measc iarrthóirí a ghnóthaíonn na gráid arda.

#### 4.4 Tatal

- Thaitin leagan amach na scrúdpháipéar leasaithe le scrúdaitheoirí agus le hiarrthóirí araon
- Céim chun cinn a bhí ann an scrúdú cluastuisceana a bheith mar chuid chomhtháite den scrúdpháipéar
- Céim chun cinn is ea an leagan amach nua atá ar an scrúdú seo agus an bhéim ar labhairt na Gaeilge.
- Is léir go bhfuil scoth na hoibre á déanamh ag na múinteoirí sna scoileanna ag ullmhú daltaí i gcomhair an scrúdaithe seo
- Is léir freisin go réitíonn an scrúdú go maith le daltaí mar bíonn fonn ar líon suntasach díobh tabhairt faoin leibhéal seo bliain i ndiaidh bliana
- Tá leagan amach agus téacs na gceisteanna ag éirí níos gonta le himeacht ama agus cabhraíonn sé seo go mór leis na hiarrthóirí.
- Is léir i gcónaí go bhfuil barraíocht de na hiarrthóirí ag baint úsáide as freagraí réamhullmhaithe sa cheapadóireacht, sa phrós, san fhilíocht agus sa litir. B'fhearr a ghnóthódh na hiarrthóirí dá gcuirfí tuilleadh béime ar an tsamhlaíocht, ar chur chuige deimhneach cruthaitheach agus ar an úire.

## 4.5 Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí

### (i) Do mhúinteoirí

- Féachaint siar go rialta ar an *Siollabas don Teastas Sóisearach*. Tá a bhfuil sna scrúdpháipéir fréamhaithe sa siollabas sainmhínithe sin
- Úsáid a bhaint as scrúdpháipéir ó bhlianta eile; tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Féachaint ar an réimse leathan próis agus filíochta atá ar fáil. Moltar an tsamhlaíocht agus cur chuige deimhneach cruthaitheach a fhorbairt
- Úsáid a bhaint as na téipscripteanna cluastuisceana ó bhlianta eile
- Cleachtadh rialta a thabhairt do na daltaí i scríobh na Gaeilge: aistí, litreacha, próis, filíocht, srl.
- Bunrialacha a bhaineann le comhréir agus struchtúr na Gaeilge a mhúineadh go rialta, go foirmiúil más gá
- Úsáid a bhaint as Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide mar áis eolais agus tacaíochta don mhúinteoireacht. Scoláirí a spreagadh agus a chur ar an eolas maidir le suímh oiriúnacha ar an ngréasán domhanda do chur chun cinn an churaclaim
- Tástáil na scileanna éagsúla: éisteacht, léamh, scríobh agus caint go neamhspleách ar a chéile sna scrúduithe. Tá an cur chuige comhtháite i múineadh na scileanna sin, inmholta áfach
- Féachaint go cúramach ar na teoracha atá tugtha in Imlitir S73/09 maidir leis na Trialacha Teanga Comhthéacsúla:

I gcás **A**, is giota nuachta nó ríomhphost nó blag nó comhrá nó litir a bheidh ann. Féadfaidh rogha de na haimsirí seo a leanas a bheith ann: Aimsir Láithreach, Aimsir Chaite, Aimsir Fháistineach agus an Modh Coinníollach. Iarrfar ar na hiarrthóirí an giota a athscríobh in Aimsir/Modh a luafar agus tabharfar comhthéacs dóibh.

I gcás **B**, is gnéithe eile de chruinneas agus de chomhréir na Gaeilge a bheidh á dtástáil seachas na briathra. Tá múnla amháin tugtha ar an bpáipéar samplach agus scrúdpháipéar na bliana seo ach d'fhéadfadh múnlaí difriúla a bheith ar an gceist seo ó bhliain go bliain. Mar shampla, d'fhéadfaí píosa leanúnach próis a thabhairt ar an bpáipéar ina n-iarrfaí ar iarrthóirí tascanna mar seo a leanas a chomhlíonadh:

Aimsigh samplaí den tuiséal ginideach sa pháosa

Aimsigh aidiachtaí sa pháosa

Aimsigh ainmfhocail san uimhir uatha/uimhir iolra sa pháosa.

- Treoir a chur ar dhaltaí maidir le freagraí a scríobh sna freagarleabhair amháin. I bPáipéar I, Roinn II B, (iv) agus (v), scríobh roinnt iarrthóirí na freagraí ar an scrúdpháipéar féin in ionad sna freagarleabhair mar a iarradh orthu. I bPáipéar I Roinn III, (a) agus (b), scríobh roinnt iarrthóirí na freagraí ar an scrúdpháipéar féin in ionad sna freagarleabhair mar a iarradh orthu.
- Úsáid a bhaint as na ceisteanna sna trialacha cluastuisceana agus as na ceisteanna sna giotaí léamhthuisceana le haghaidh modhanna freagartha difriúla



a mhúineadh do na daltaí. Cé gur leor é an pointe eolais don scrúdú tá seans iontach ag an múinteoir freagraí níos iomláine a chleachtadh. Sa tslí seo rachaidh scoláirí i dtaithe ar chomhréir na teanga go nádúrtha, m.sh.

Cén aidhm atá leis na trialacha réigiúnacha?

Freagra lom: *Na hiomaitheoirí is fearr a roghnú.*

Freagra níos iomláine: *Is í an aidhm atá leis na trialacha réigiúnacha ná na hiomaitheoirí is fearr a roghnú.*

- Múinteoirí nach bhfuil taithí acu mar scrúdaitheoirí, ba chóir dóibh a bheith cinnte de go bhfuil cur amach acu ar an gcóras measúnaithe ag an leibhéal seo. Is féidir *An Scéim Mharcála, Gaeilge TSAL 2010*, maille le freagraí samplacha, a fháil ag [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Moltar cleachtadh rialta a dhéanamh ar na roghanna ceapadóireachta uile agus gan díriú go hiomlán beagnach ar an scéal/eachtra.

## (ii) Do Dhaltaí

- Gach ceist agus focheist a léamh go cúramach
- Gan ceist ná cuid de cheist a fhágáil ar lár sa scrúdú féin
- Mioneolas a chur ar leagan amach na bpáipéar agus na roghanna atá ar fáil
- Am a fhágáil ag deireadh an scrúdaithe chun dul siar ar a bhfuil déanta
- Staidéar a dhéanamh go rialta ar scrúdpháipéir ó bhlianta eile atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Éisteacht leis na scrúduithe cluastuisceana ó bhlianta eile atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
- Éisteacht leis an múinteoir agus glacadh le comhairle uaithi/uaidh maidir leis an leibhéal is oiriúnaí
- Úsáid a bhaint as na suímh oiriúnacha ar an ngréasán domhanda mar áis foghlama agus tacaíochta
- Bheith ag éisteacht go rialta le Raidió na Gaeltachta agus ag breathnú ar RTÉ/TG4.
- Na freagraí do Roinn II agus Roinn III ar Pháipéar I a scríobh san fhreagarleabhar mar a iarrtar
- Úsáid rialta a bhaint as suíomh gréasáin Choimisiúin na Scrúduithe Stáit [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Tá teoracha a bhaineann leis an scrúdú Gaeilge sa Teastas Sóisearach, Ardleibhéal, ar fáil in imlitir S73/09. Tá scéimeanna marcála, scrúdpháipéir agus gach eolas faoin mBéaltrial roghnach le fáil ar shuíomh an Choimisiúin.